



An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2016
(OR. en)

10025/16

JAI 555
COPEN 197
DROIPEN 110
CYBER 68
JAIEX 62
EJUSTICE 122

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 9 Meitheamh 2016

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 9579/16 + COR 1

roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leisan nGréasán
Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht
- Conclúidí ón gComhairle (9 Meitheamh 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht, mar a ghlac anChomhairle iad ag an 3473ú cruinniú a bhí aici an 9 Meitheamh 2016.

**Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an
nGréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS Í AR AN AIRDEALL go bhfuil an cibearspás de dhlúth is d'inneach sa saol nua-aimseartha anois agus gur ríthábhachtach don gheilleagar agus don tsochaí go ndéanfar an saol sin a chosaint ó ghníomhaíochtaí mailíseacha agus ón mhí-úsáid, agus fós go bhfuil an chibearchoireacht ar cheann de na cineálacha coireachta is mó a bhfuil fás rábach fúithi,

AGUS Í AR AN EOLAS go mbaineann dúshláin ar leith le cineál osteorainneacha an chibearspáis do na húdaráis fhorfheidhmithe dlí agus do na húdaráis bhreithiúnacha agus go mbactar ar an gcuma sin iad ó imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla a thabhairt i gcrích go héiritheach, rud a fhágann go ligtear daoine saor ó phionós go minic,

AG FÉACHAINT DI do chineál trasteorann na cibearchoireachta agus don tábhacht a bhaineann le comhar breithiúnach éifeachtach chun imscrúduithe éifeachtacha a dhéanamh agus chun fianaise leictreonach a fháil,

AG TABHAIRT DÁ HAIRE an gá atá ann feabhas a chur ar an malartú a dhéantar faoi láthair idir údaráis bhreithiúnacha agus saineolaithe i réimse na cibearchoireachta agus na n-imscrúduithe sa chibearspás a léirigh cleachtóirí le déanaí i gcomhthéacs an Tionscnaimh maidir le Trádáil Neamhdhleathach Ar Mhargáí Ar Líne (ITOM),

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI maidir leis na dúshláin a bhaineann le cibearchoireacht, le coireacht chibearchumasaithe agus le himscrúduithe sa chibearspás, go bhfuil gá le comhordú agus sineirgí idir na gníomhaíochtaí a dhéanann na cleachtóirí atá ann cheana, lena n-áirítear ardáin leictreonacha atá ann cheana a úsáid don chumarsáid,

AG MEABHRÚ DI Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht an 23 Samhain 2001 agus an Prótacal Breise a ghabhann leis agus Treoir 2013/40/AE maidir le hionsaithe i gcoinne córais faisnéise lena n-iarrrtar comhar méadaithe, gasta, dea-fheidhmeach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla tríd an bpointe oibríochtúil náisiúnta teagmhálaithe sna líonraí comhair 24/7 atá ann cheana,

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an gá atá ann comhar idir na Ballstáit a neartú go háirithe idir a n-údaráis bhreithiúnacha chun forfheidhmiú an dlí agus gníomhaíocht bhreithiúnach a fheabhsú chun go mbeidh smacht éifeachtach reachta ann sa chibearspás,

AG MEABHRÚ DI gur tosaíocht shainaitheanta an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil ón 28 Aibreán 2015 agus go bhfuil aghaidh á tabhairt ar na constaicí atá fós ann maidir le himscrúduithe cibearchoireachta agus é á chur chun feidhme,

AG MEABHRÚ DI an t-idirphlé a rinne na hAirí Dlí agus Cirt ag an gComhairle ar an 3 Nollaig 2015 agus ar an 26 Eanáir 2016 maidir leis an gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le r-fhianaise a bhailiú agus a úsáid in imeachtaí coiriúla d'fhonn ceartas coiriúil éifeachtach a áirithiú sa ré dhigiteach, chomh maith leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Airí Ceartais agus Gnóthaí Baile agus ó ionadaithe ó institiúidí an Aontais tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla sa Bhruiséil ar an 22 Márta 2016, a glacadh an 24 Márta 2016, inar leagadh béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar an gceist sin mar ábhar tosaíochta¹,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur ghlac an Coiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) tacar moltaí chun feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil in imscrúduithe coiriúla sa chibearspás²,

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an 7ú babhta de mheastóireacht fhrithpháirteach atá tiomanta do chur chun feidhme praiticiúil agus d'oibriú praiticiúil na mbeartas Eorpach maidir leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chomhrac mar rannchuidiú suntasach leis na hiarrachtaí chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta,

IS É A TÁTAL gur cheart an malartú atá ann cheana idir údaráis bhreithiúnacha agus saineolaithe i réimse na cibearchoireachta agus na n-imscrúduithe sa chibearspás a chur ar bhonn foirmiúil agus gur cheart é a threisiú faoin nGréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht le tacaíocht ó Eurojust faoin gcreat atá leagtha amach thíos:

¹ 7371/16

² 8634/2/16 REV 2

Aidhmeanna, Cuspóirí agus Cúraimí

1. Leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (dá ngairtear feasta: "An Gréasán") beidh ionad saineolais speisialaithe ann lena dtacófar le húdaráis bhreithiúnacha, i.e. na hionchúisitheoirí agus na breithiúna a bhíonn ag déileáil le cibearchoireacht, le coireacht chibearchumasaithe agus le himscrúduithe sa chibearspás.
2. Chun na críche sin, éascóidh agus neartóidh an Gréasán an comhar idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a bhíonn ag déileáil le cibearchoireacht, le coireacht chibearchumasaithe agus le himscrúduithe sa chibearspás, agus an struchtúr agus an inniúlacht laistigh de Eurojust agus laistigh den Ghréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) á n-urramú go háirithe tríd an méid seo a leanas:
 - a) malartú saineolais, dea-chleachtas agus feasachta ábhartha eile a éascú agus taithe maidir leis an gcibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh, maidir le coireacht chibearchumasaithe agus imscrúduithe sa chibearspás, lena n-áirítear maidir leis na creataí dlí atá ann faoi láthair agus an cásdlí ábhartha agus comhar breithiúnach trasteorann éifeachtach a chur i bhfeidhm go praiticiúil;
 - b) idirphlé a spreagadh i measc gníomhaithe agus geallshealbhóirí éagsúla a bhfuil ról acu maidir leis an smacht reachta sa chibearspás a áirithiú, amhail Europol/EC3, Eurojust, ENISA, CEPOL, Interpol, Comhairle na hEorpa, an earnáil phríobháideach, go háirithe soláthraithe seirbhíse, agus comhlachtaí agus líonraí cibearshlándála.
3. Déanfaidh an Gréasán an méid seo a leanas go háirithe:
 - a) rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthar agus í a scaipeadh, lena n-áirítear trí láithreán gréasáin nó trí thairseach lena n-úsáidfear na hardáin leictreonacha atá ann cheana;
 - b) fóram a chur ar fáil chun fadhbanna praiticiúla agus dlíthiúla a phlé, fadhbanna a bhíonn ag cleachtóirí i réimse na cibearchoireachta, lena n-áirítear na bacainní a bhíonn ar r-fhianaise a dhaingniú agus a fháil go héifeachtach;
 - c) faisnéis a mhalartú maidir le reachtaíocht náisiúnta, cásdlí ábhartha agus dlí-eolaíocht, comhar idirnáisiúnta agus dea-chleachtas idir na Ballstáit, agus uirlisí a chur ar fáil do chleachtóirí;
 - d) úsáid Eurojust i gcásanna trasteorann a bhaineann le cibearchoireacht, le coireacht chibearchumasaithe agus imscrúdaithe sa chibearspás a chun cinn.

Ballraíocht

4. Iarrtar ar gach Ballstát, de réir an nós imeachta náisiúnta atá aige, ar a laghad ionadaí náisiúnta amháin ar na húdaráis bhreithiúnacha a ainmniú ag a mbeidh an saineolas iomchuí chun páirt a ghlacadh sa Ghréasán.

Eagrú agus maoiniú

5. Bunófar obair an ghréasáin ar chlár oibre dhá bhliain a dhréachtófar sa chéad ráithe de gach dara bliain i gcomhairle leis na hinstiúidí, na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh.
6. Ba cheart don Ghréasán teacht le chéile go rialta de réir riachtanais na gcomhaltaí, dhá uair sa bhliain i bprionsabal, faoi choimirce Eurojust.
7. Cuirfidh Eurojust an tacaíocht is gá ar fáil i dtaca leis na cúraimí a leagtar amach i bpointe 3, lena n-áiríteofar ailíniú leis an obair a dhéanann an Gréasán Breithiúnach Eorpach agus i ndáil leis an tairseach don r-Cheartas.
8. Maidir le hacmhainní a leithdháileadh do Eurojust chun críche an ghréasáin, ba cheart iad a bheith faoi réir chinneadh na n-údarás buiséadach agus gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.
9. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar fheidhmiú an Ghréasáin ar bhonn tuarascála a dhréachtóidh Eurojust tar éis an chéad chlár oibre dhá bhliain a thabhairt chun críche.